RIALACHÁN (AE) 2023/1092 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 25 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2157/1999 maidir le cumhachtaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh smachtbhannaí a fhorchur (*BCE/1994/4*) (BCE/2023/13)

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 132 de,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 19.1 agus 34.3 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2532/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le cumhachtaí an Bhainc Cheannais Eorpaigh smachtbhannaí a fhorchur ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ba cheart pionóis arna bhforchur ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) as oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin nó cinntí BCE a shárú a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun éifeachtacht agus éifeacht athchomhairleach a chumhachtaí smachtbhannaí a fhorchur a fheabhsú tuilleadh, agus ar mhaithe le comhsheasmhacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart do BCE cinneadh chun smachtbhanna nó faisnéis a bhaineann leis a fhorchur a fhoilsiú mar riail réamhshocraithe. Áirithítear leis sin go mbeidh feidhmiú chumhacht smachtbhannaí BCE níos éifeachtaí chun gníomhú mar bhac ar na gnóthais is gá chun oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin nó cinntí BCE a chomhlíonadh, rud a fheabhsaíonn éifeacht athchomhairleach smachtbhanna airgid.

(2) Treisíonn foilsiú na smachtbhannaí trédhearcacht na cinnteoireachta agus cuntasacht BCE agus iad á bhforchur, lena n-áirítear trí chead a thabhairt comparáid a dhéanamh idir na smachtbhannaí a fhorchuirtear ar ghnóthais éagsúla. Dá bhrí sin, téann foilsiú smachtbhannaí chun tairbhe do na gnóthais a gceanglaítear orthu oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin nó cinntí BCE a chomhlíonadh trí chóir chóir agus chothromasach a chur chun cinn. Ina theannta sin, áirithítear le foilsiú an mhéid sin gur féidir a fhíorú nach n-imíonn na smachtbhannaí gan údar óna chéile, rud a neartaíonn prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus a ráthaíonn cothrom iomaíochta.

(3) Tá foilsiú smachtbhannaí arna bhforchur ag BCE i réimse a chúraimí baincéireachta ceannais comhsheasmhach leis an gcóras is infheidhme maidir le smachtbhannaí arna bhforchur i réimse na maoirseachta, ina bhfoilsítear na smachtbhannaí uile ([2]) mura bhfuil feidhm ag eisceachtaí sonracha. Spreagann breithnithe maidir le prionsabal na comhsheasmhachta foilsiú smachtbhannaí i ndáil le cúraimí uile BCE, toisc go bhfuil réasúnaíocht chomhchosúil le foilsiú. Fónann foilsiú smachtbhannaí, ar thaobh amháin, mar chomhartha don mhargadh agus, i gcásanna áirithe, do chontrapháirtithe ionchasacha an eintitis faoi smachtbhannaí. Ar an taobh eile, cuireann an phoiblíocht le héifeacht athchomhairleach an smachtbhanna.

(4) Le foilsiú smachtbhannaí, treisítear infheictheacht an fhorfheidhmithe éifeachtúil, agus cothaítear muinín an phobail in BCE, agus in institiúidí an Aontais i gcoitinne.

(5) I bhfianaise ghnéithe sonracha na margaí airgeadais, ba cheart foilsiú sonraí smachtbhanna a bheith faoi réir eisceachtaí atá sainithe go cúramach, chun leasanna margaidh, slándála agus gnó a bhfuil údar maith leo a chur san áireamh. Go háirithe, dá gcuirfeadh foilsiú cobhsaíocht na margaí airgeadais nó an chórais airgeadais nó imscrúdú coiriúil atá ar siúl i mbaol nó dá ndéanfaí damáiste díréireach don ghnóthas lena mbaineann, ba cheart mionsonraí smachtbhanna a fhoilsiú ar bhonn anaithnid nó a chur siar i gcás inar dócha go dtiocfaidh deireadh leis na himthosca sin laistigh de thréimhse réasúnach ama. Léirítear leis sin prionsabal na comhréireachta is infheidhme go

([1]) IO L 318, 27.11.1998, lgh. 4.

([2]) Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63), agus Airteagal 132 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat le haghaidh comhair laistigh den Sásra Maoirseachta Aonair idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis náisiúnta ainmnithe (Creat-Rialachán SMA) (BCE/2014/17) (IO L 141, 14.5.2014, lch. 1).

ginearálta. Ar deireadh, ba cheart eisceacht ann ina mbeadh foilsiú faisnéise rúnda mar thoradh ar fhoilsiú, agus measann BCE nach bhféadfaí maolú a dhéanamh ar an méid a chuirfeadh leasanna dlisteanacha an phobail sa tslándáil i mbaol nach bhféadfaí iad a mhaolú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i réimse na nótaí bainc agus i maoirseacht ar chórais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo.

(6) I gcomhréir leis an inniúlacht ghinearálta chun cinneadh a dhéanamh an bhforchuirfear smachtbhanna, cinneann an Bord Feidhmiúcháin freisin an bhfuil feidhm ag eisceacht ó fhoilsiú. I ndáil leis sin, tugann an Bord Feidhmiúcháin dá aire na forais arna dtabhairt ar aghaidh ag an aonad imscrúdúcháin nó ag an mbanc ceannais náisiúnta inniúil. Má chinneann sí go bhfuil feidhm ag eisceacht, ba cheart é sin a chur in iúl ina chinneadh an smachtbhanna a fhorchur, seachas sin, foilseofar an smachtbhanna.

(7) I ngach cás, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an smachtbhanna iomchuí agus ar cheart feidhm a bheith ag eisceacht ó fhoilsiú faisnéise áirithe, is é prionsabal na comhréireachta a threoraíonn BCE.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2157/1999 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/1999/4) ([3]) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2157/1999 (BCE/1999/4) mar a leanas:

(1.) Leasaítear Airteagal 7a mar a leanas:

(a) cuirtear an abairt seo a leanas le mír 1:

'Má mheasann an t-aonad imscrúdaithe nó an banc ceannais náisiúnta inniúil go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 9(1), sonróidh sé é sin ina thogra';

(b) cuirtear isteach an mhír 7a seo a leanas:

'7a. Má mheasann an Bord Feidhmiúcháin, ar bhonn comhaid iomláin, go bhforchuirfear smachtbhanna, ach go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 9(1), cinnfidh sé an bhfoilseofar an smachtbhanna agus a mhéid a fhoilseofar é.';

(2). in Airteagal 8(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) cinneadh an Bhoird Feidhmiúcháin a leasú trí aon cheann díobh seo a leanas a mhodhnú:

(i) méid an smachtbhanna a bheidh le forchur;

(ii) na forais is cúis le sárú;

(iii) cibé acu a fhoilsítear nó nach bhfoilsítear an smachtbhanna agus a mhéad a fhoilsítear é;';

(3). in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Foilseoidh BCE ar a suíomh gréasáin oifigiúil gan moill mhíchuí aon chinneadh lena bhforchuirtear smachtbhannaí i gcás sárú ar rialachán nó ar chinneadh ó BCE, a luaithe a bheidh an cinneadh críochnaitheach i gcomhréir le hAirteagal 3(8) de Rialachán (CE) Uimh. 2532/98.

Áireofar san fhoilsiú sin faisnéis maidir le cineál an tsáraithe agus céannacht an ghnóthais lena mbaineann, chomh maith le méid agus cineál an smachtbhanna, ach amháin má chinneann an Bord Feidhmiúcháin go ndéanfadh foilsiú den sórt sin an méid seo a leanas:

(a) cobhsaíocht na margaí airgeadais nó an chórais airgeadais nó imscrúdú coiriúil atá ar siúl a chur i mbaol;

(b) damáiste díréireach a dhéanamh don ghnóthas lena mbaineann, a mhéid is féidir a chinneadh;

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 2157/1999 ón mBanc Ceannais Eorpach an 23 Meán Fómhair 1999 maidir le cumhachtaí an Bhainc Cheannais Eorpaigh smachtbhannaí a fhorchur (BCE/1999/4) (IO L 264, 12.10.1999, lch. 21).

(c) foilsiú faisnéise rúnda, a chuirfeadh leasanna dlisteanacha an phobail sa tslándáil i mbaol, amhail slándáil agus cosaint shláine nótaí bainc euro, nó bainistiú slán cibirrioscaí nó rioscaí oibríochtúla do chórais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo.

Sna himthosca dá dtagraítear sa dara fomhír, pointí (a) go (c), foilseofar cinntí maidir le smachtbhannaí ar bhonn anaithnid. De rogha air sin, i gcás inar dóigh go scoirfidh imthosca den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnach ama, féadfar foilsiú faoin mír seo a chur siar go ceann cibé tréimhse ama.

Chun críocha an dara fomhír, pointe (c), féadfaidh BCE a roghnú gan cinneadh lena bhforchuirtear smachtbhanna a fhoilsiú i gcás ina measann sé nach bhféadfar an riosca do leasanna dlisteanacha an phobail sa tslándáil a mhaolú trí na cinntí ábhartha a fhoilsiú ar bhonn anaithnid nó trína bhfoilsiú a chur siar, dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo.

I gcás ina bhfuil cinneadh lena bhforchuirtear smachtbhanna faoi achomharc os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, déanfaidh BCE freisin, gan moill mhíchuí, faisnéis a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin oifigiúil maidir le stádas an achomhairc i dtrácht agus maidir lena thoradh.

Fanfaidh an fhaisnéis a fhoilseofar de bhun na míre seo ar shuíomh gréasáin oifigiúil BCE go ceann cúig bliana ar a laghad.';

(4). cuirtear an mhír 7 seo a leanas le hAirteagal 11:

'7. Sna cásanna dá bhforáiltear de mhír 4, céad fhleasc, agus i mír 5, foilseoidh BCE an smachtbhanna arna fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 9(1). I gcás ina nglacfaidh an Bord Feidhmiúcháin le togra arna thíolacadh ag an mbanc ceannais náisiúnta inniúil lena gcinntear go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na heisceachtaí a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 9(1), féadfaidh sé a chinneadh an cinneadh sin a fhoilsiú ar bhonn anaithnid nó foilsiú den sórt sin a chur siar. I gcás ina bhfuil feidhm ag an eisceacht in Airteagal 9(1), an dara fomhír, pointe (c), féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin a chinneadh gan an smachtbhanna arna fhorchur a fhoilsiú.'.

Airteagal 2

Forálacha críochnaitheacha

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 25 Bealtaine 2023.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE